Cad is féidir liom a dhéanamh má táim míshásta le cinneadh atá déanta ag an Oifigeach Breithiúnachta nó ag an Duine Sainithe?

Má tá tú míshásta le cinneadh atá déanta ar d'éileamh leasa shóisialaigh, tá an ceart agat chun achomharc a dhéanamh chuig Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh.

Cad í Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh?

Oibríonn Oifig na nAchomharc go neamhspleách ar an Roinn Coimirce Sóisialaí. Cinneann sí ar achomhairc más rud é nach bhfuil duine sásta le cinneadh de chuid na Roinne. Tá Príomh-Oifigeach na nAchomharc i gceannas ar an Oifig agus tá Oifigigh Achomharc dá cuid féin ag an Oifig atá neamhspleách agus a chinneann ar achomhairc.

Conas a dhéantar achomharc?

Is féidir leat achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá ó fuarthas an cinneadh. Is faoi rogha Phríomh-Oifigeach na nAchomharc atá sé an tréimhse seo a shíneadh i ndálaí teoranta áirithe.

Is féidir leat achomharc a dhéanamh trí fhoirm (ar a dtugtar Foirm SWAO 1) a líonadh, atá ar fáil ó d'Oifig Intreo áitiúil, nó trí fhoirm SWAO 1 a íoslódáil ón limistéar 'D'Achomharc' ar láithreán gréasáin Oifig na nAchomharc **www.socialwelfareappeals.ie**.

Mar mhalairt air sin, tá cead agat forais d'achomhairc a mhíniú i litir nó i ríomhphost chuig **swappeals@welfare.ie**. Is é an rud tábhachtach ná do chás a mhíniú go hiomlán.

Tá cead agat d'achomharc a chur go díreach chuig Príomh-Oifigeach na nAchomharc ag an seoladh thíos nó trí d'Oifig Intreo áitiúil.

Príomh-Oifigeach na nAchomharc
Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2

Is cóir duit d'**ainm**, do **sheoladh** agus d'**Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP)** a lua i d'achomharc agus na nithe seo a leanas a **chur faoi iamh** leis:

- cóip den chinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh agat ina aghaidh,
- ráiteas ar na fáthanna a bhfuil tú míshásta le cinneadh na Roinne, agus
- aon fhianaise ábhartha a mheasann tú a fhéadfaidh tacú le d'achomharc.

Tábhachtach: Más mian leat teacht ar aon eolas nó ar chóip d'aon cháipéis a d'úsáid an Roinn chun an cinneadh a dhéanamh, is cóir duit teagmháil le limistéar cuí scéime na Roinne Coimirce Sóisialaí agus a chur in iúl dóibh go bhfuil gá agat leis an eolas chun achomharc a dhéanamh.

Cad a tharlaíonn ansin?

Nuair a chlárófar d'achomharc in Oifig na nAchomharc, gheobhaidh tú admháil. Ní foláir ansin d'achomharc a chur chuig an Roinn chun barúil a fháil. Féadfaidh an tOifigeach Breithiúnachta nó an tOifigeach Sainithe an cinneadh a athrú i d'fhabhar an tráth seo de bharr fianaise nua a bheidh curtha ar fáil agat. Mura n-athraítear an cinneadh, cuirfear d'achomharc ar ais chuig Oifig na nAchomharc lena bhreithniú ag Oifigeach Achomharc.

Déanfaidh an tOifigeach Achomharc cinneadh ar bhonn na fianaise a bheidh ar fáil agus tar éis ceann a thógáil do choinníollacha cáiliúcháin na scéime a shonraítear sa reachtaíocht. Féadfar é seo a dhéanamh ar bhonn na fianaise scríofa amháin nó féadfar cuireadh a thabhairt duit chun freastal ar éisteacht ó bhéal. Má iarrann tú éisteacht ó bhéal, géillfear don iarratas sin i gcónaí, mura léir nach mbeidh aon tairbhe le baint as a leithéid d'éisteacht.

Cén fáth a dtionólfaí éisteacht ó bhéal?

D'fhéadfadh an tOifigeach Achomharc an cinneadh a dhéanamh go dtionólfaí éisteacht ó bhéal chun a thuilleadh sonraí de do chás a fháil nó chun soiléiriú a fháil ar phointí a bheadh ina gcnámh spairne maidir leis an gcinneadh a bheadh faoi achomharc.

D'fhéadfá éisteacht ó bhéal a iarraidh toisc gur mhian leat gné éigin den fhianaise a fhormhíniú nó toisc go bhféadfá, dar leat, do chás a shonrú ar mhodh níb fhearr dá láithreofá i bpearsain chun d'fhianaise a thíolacadh.

Déanann Oifigigh Achomharc gach iarracht chun éisteachtaí ó bhéal a choinneáil chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. Más gá éisteacht ó bhéal a thionól, tionólfar an éisteacht in áit atá chomh cóngarach agus is féidir don áit a bhfuil cónaí ort.

Cad iad na dálaí ina ndiúltófaí m'iarratas ar éisteacht ó bhéal?

Ní ghéillfear do d'iarratas ar éisteacht ó bhéal más rud é nach bhfuil aon chosúlacht air go bhféadfaí eolas breise a chur ar fáil a rachadh i bhfeidhm ar thoradh d'achomhairc.

Áirítear na cinn seo a leanas le samplaí de chineálacha achomhairc dá leithéid:

- Achomhairc a agóideann in aghaidh measúnaithe acmhainne ar na forais nár chuir an measúnú costais amhail morgáiste/cíos, billí fóntais, iasachtaí a íoc srl. san áireamh. Sna cásanna den chineál seo, mura gceadaíonn an reachtaíocht go gcuirfí costais dá leithéid san áireamh, ansin ní bheadh aon seans ag achomharc ar an mbonn seo go n-éireodh leis.

- Achomhairc i ndáil le coinníollacht ÁSPC inar gá íosmhéid ranníocaíochtaí a dhéanamh chun cáiliú. Mura bhfuil do dhóthain ranníocaíochtaí agat, ní bheidh aon tairbhe le baint as éisteacht ó bhéal.

An ngearrtar táille as achomharc a dhéanamh?

Ní ghearrtar aon táille ort as achomharc a dhéanamh. Más gá duit taisteal chun freastal ar éisteacht ó bhéal, déanfaidh Oifig na nAchomharc íocaíocht leat (trí do chuntas bainc) i dtaca le costais réasúnacha taistil. Is féidir leat cúiteamh a iarraidh freisin i dtaca le haon tuilleamh caillte má bhíonn ort am saor a ghlacadh ón obair chun freastal ar an éisteacht.

An gá ionadaíocht dhlíthiúil a bheith agam?

Ní gá in aon chor ionadaíocht dhlíthiúil a bheith agat chun achomharc a dhéanamh cé go bhféadfaidh dlíodóir nó duine eile ionadaíocht a dhéanamh duit, más mian leat. Féadfaidh an tOifigeach Achomharc dámhachtain a dhéanamh don duine sin má dhéanann sé/sí ionadaíocht duit ag an éisteacht ó bhéal. Tá an dámhachtain seo faoi theorainn na gcostas a thabhaítear iarbhír chun freastal ar an éisteacht, áfach. Ní mór duit íoc as aon chostas dlí.

Cathain a gheobhaidh mé eolas ar an gcinneadh i dtaobh m'achomhairc?

Cuirfidh Oifig na nAchomharc litir chugat, ina sonrófar an cinneadh achomhairc i scríbhinn. Déanfar é seo chomh sciobtha agus is féidir tar éis d'achomharc a bhreithniú. Mura n-éiríonn le d'achomharc, míneoidh an tOifigeach Achomharc an fáth duit. Cuirfear cóip den chinneadh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin.

An Cinneadh Críochnaitheach é Cinneadh an Oifigigh Achomharc?

Is cinneadh críochnaitheach dochloíte é cinneadh an Oifigigh Achomharc, de ghnáth, ach féadfar é a achomharc chun na hArd-Chúirte ar aon phonc dlí.

Féadfaidh sé a bheith faoi réir athbhreithnithe, áfach, sna dálaí seo a leanas:

- Féadfaidh Oifigeach Achomharc é a athbhreithniú má thugtar fíricí nó fianaise nua a bhaineann leis an gcinneadh bunaidh ar aird ó tugadh an cinneadh achomhairc, nó
- Féadfaidh Príomh-Oifigeach na nAchomharc é a athbhreithniú má bhreithnítear go raibh an cinneadh mícheart mar gheall ar bhotún i ndáil leis an dlí nó na fíricí.

Agus iarratas á dhéanamh agat ar athbhreithniú ar chinneadh achomhairc, ní mór duit an fhianaise nua a chur faoi iamh, nó, má tá athbhreithniú ó Phríomh-Oifigeach na nAchomharc á lorg agat, ní mór duit fáthanna sonracha a gcreideann tú go ndearnadh botún maidir leis an dlí nó na fíricí a lua.

Oifig an Ombudsman

Is féidir leis an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi na gnáthghníomhaíochtaí laethúla riaracháin arna ndéanamh ag Oifig na nAchomharc.

Oifig an Ombudsman
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: 01 639 5600
Íosghlao: 1890 22 30 30
Láithreán Gréasáin: **www.ombudsman.gov.ie**

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
D02 XY31

Íosghlao: 1890 74 74 34
Facs: (01) 6718391
Ríomhphost: **swappeals@welfare.ie**
Láithreán Gréasáin: **www.socialwelfareappeals.ie**

SW 56

Oifig na nAchomharc

Leasa Shóisialaigh

OIFIG NA nACHOMHARC
LEASA SHÓISIALAIGH

Buneolas

0K 07-16

Eagrán: Iúil 2016